

‘Sé an tseachtain deireanach ar After School Hub agus tá roinnt pléascóga Nollag againn daoibh!

Buaileann muid le **húdair iontacha** Dave Rudden, Paul Howard, Patricia Forde & Roddy Doyle a roinneann nodanna scríbhneoireachta linn! Buaileann muid le foireann Ospidéal Cromghlinn maidir le draíocht na nollag. Beidh **Nicole Owens** linn i rith seachtain cluiche ceannais na hÉireann le hinsint dúinn faoina éispéireas mar imreoir GAA.

Beidh ceol den scoth ann... buaileann muid le **muintir Coyne** le ceol tradisiúnta, **Laois Chamber Group, Galway Dance Montage, Music Generation** agus labharann agus canann Séamus le John Sheehan ó **The Dubliners!**

Freisin, cloiseann muid ó **ambasáid na hÉireann** agus páistí timpeall na cruinne um Nollaig, bíonn craic ceiliúrtha ag **Martin & MC** agus múineann **Niamh Shaw** dúinn faoi **Ghrianstad an Gheimhridh**.

Agus muna bhfuil a dhóthain ansin, **tornáil drumai le bhur dtoil...** Tá scéal eisiach againn ón bhfear sa chulaith dhearg é féin.... sea, **DAIDÍ NA NOLLAG**. Tá sé san After School Hub agus caithimh siúl ar na múinteoirí... **Ho Ho Ho!**

Fear Sneachta As Stoca

Tar éis di bronnatanas álainn a fháil d’fhear Sneachta déanta as stoca, tá múinteoir Clíona chun taispeáint dúinn conas ár gcinn féin a dhéanamh.

An taArtach

Sa rang tíreolaíochta seo, tá muid ag taisteal chuig an Artach le Múinteoir John! Bí cinnte do chuid éadaí teo a phacáil, beidh an aimsir an-fhuar! Ach beidh go leor ainmhithe dochreidhte agus ana-chuid sneachta!

Stiallbhratacha Nollag

Inniu, tá Múinteoir Ray chun taispeáint dúinn conas gur féidir meangadh mór a chur ar aghaidh iad siúd atá scoite um nollag trí stiallbhratacha a dhéanamh agus a sheoladh sa phost.

Na hUlcabháin Óga

Sa rang ealaíne inniu, tá Múinteoir Clíona ag athchruthú an clúdach ón leabhar is fearr léi óna hóige – Owl Babies!

EPIC!

An turas scoile dheireanach i 2020 atá ann, agus inniu tá muid ag dul chuig an Musaem EPIC le Múinteoir John!

Eolaíocht na hEitilt

Tá an t-eolaí Phil sa Hub inniu agus ceapann sé go dtigeann sé díreach conas a n-eitlíonn carr sleamhnáin Daidí na Nollag.

Bliain Nua na Sinéach

Tá traidisiúin an bhliain nua éagsúil timpeall an domhain, agus inniu tá Múinteoir John chun taispeáint dúinn conas a chéiliúradh an Athbhliain sa tSín i 2021 – Bliain an Damh.

Traenáil na Nollag

Leis an tseacláid agus an turcaí uilig timpeall an tigh ag an am seo den bhliain, tá Emer chun taispeáint dúinn cad is féidir a dhéanamh le fanacht aclaí sa bhaile thar tréimhse na Nollag.

Féiríní Eireannacha

Tá Múinteoir Ray ag clúdach a bhronntanais inniu, agus ag taispeáint dúinn roinnt bronntanais álainn (déanta in Éireann) gur féidir linn a cheannach ag aon am den bhliain.

Amhráin Féiltiúil

Leis an lá scoile dheireanach timpeall an chúinne, tá Múinteoirí Ray agus John chun roinnt amhráin féiltiúil a sheinnt dúinn, chun spiorad na féile a scaipeadh!

An Nollaig Timpeall an Domhain

Déanann gach tír céiliúradh ar an Nollaig i mbealaí éagsúla – agus cuid acu, ar laethanta éagsúla. Inniu, tá Emer ag insint dúinn conas a chéiliúránn an Pholainn, an Nigéir agus an tSín am Nollaig!

Tráth na gCeist Na Nollag

Tá tráth na gceist na Nollag taibhseach den scoth ag Múinteoir John dúinn don tráth na gceist deiridh.

Amhrán na Nollag an After School Hub

Ina rang deireanach in 2020, tá iontas ag Múinteoir John dúinn! Tá sé théis ár n-amhrán Nollag féin a scríobh don After School Hub!

Cluichí Nollag

Ar an lá scoile dheireanach, tá Múinteoirí Ray agus John chun cluichí Nollag a thairpeáint dúinn, gur féidir linn a imirt sa bhaile thar tréimhse na Nollag!

An Fear Sneachta

Sa rang ealaíne, tá Clíona ag tarraingt inspioráid ón scannán cáilúil The Snowman, agus déanfaidh muidne tuilleadh maisiúcháin Nollag!